Leagan Gaeilge

| | | |
|---|---|---|
| **Seirbhís Chartlainne**<br>**Comhaontú Taisce** | Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>Galway County Council | Archives Service<br>Deposit Agreement |

| | |
|---|---|
| **Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith** | This form is also available in large print |
| An English version of this form is available on request | |

| | |
|---|---|
| **Ainm an Taisceora** | |
| **Ainm na heagraíochta nó an chomhlachta** | |
| **Seoladh an deontóra/taisceora** | |
| | |

An t-ábhar a thuairiscítear sa sceideal a ghabhann leis seo a thaisceadh le Seirbhís Chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Faoi na coinníollacha a shonraítear agus atá i gceangal leis seo. Tá na coinníollacha seo a leanas i bhfeidhm chomh maith:

1. Beidh taifid ar leithligh ar cuid den bhailiúchán iad faoi réir tréimhse coiscthe ____________ bliain ó dháta na hiontrala substaintí deiridh i ngach ceann ar leith acu.

2. Déanann an taisceoir leis seo gach ceart cóipchirt atá ar marthain nó a d'fhéadfadh a bheith ar marthain in aon cheann, nó i ngach ceann, de na doiciméid seo a aistriú chuig an gComhairle.

3. Ina theannta sin, comhaontaítear leis seo idir na páirtithe go ndéanfaidh an Chomhairle, más rud é go gcinnfidh an Chomhairle, aon tráth, nach díol spéise cartlannaíochta é aon cheann de na doiciméid tar éis di an doiciméad sin a bhreithniú go cúramach trí scrúdú a dhéanamh air, an doiciméad sin a thabhairt ar ais don Úinéir.

| **Tréimhse an taiscthe – Gan Chríoch** | |
|---|---|
| Síniú:<br>Ar son agus thar ceann Chomhairle Chontae an Gaillimhe | |
| Dáta: | |
| Síniú:<br>Ar son agus thar ceann an deontóra/taisceora | |
| Dáta: | |

| Comhaontú Maidir le Taisceadh – An Sceideal | |
|---|---|
| Sceideal na n-ábhar ar na dtaisceadh gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag: (Clóigh Ainm le do Thoil) | |
| | |

## Coinníollacha a ghabhann leis an gComhaontú Maidir le Taisceadh

**1. Deonú**

1.1. Ní mór do thaisceoirí a chinntiú go bhfuil an ceart acu chun doiciméid a bhronnadh nó a thaisceadh.

1.2 Leanann doiciméid a thaisctear ar iasacht ar feadh tréimhse éiginnte de bheith faoi úinéireacht an taisceora.

1.3 Déanfaidh an Taisceoir aon athrú ar ainm nó ar sheoladh, nó aon athrú ar úineireacht an bhailiúcháin, a chur in iúl don Chartlann. Ní bheidh an Chartlann faoi dhliteanas i leith na n-iarmhairtí a leanann as mainneachtain dá leithéid.

1.4 Tá sé de cheangal ar an Taisceoir fógra ocht mí a thabhairt sula dtarraingeofar siar an bailiúchán go hiomlán nó i bpáirt chun a chur an chumas na Cairtlainne an bailiúchán a mhicreascannánú.

1.5 Féadfaidh Taisceoir ar mian leis nó léi bailiúchán a tharraingt siar a bheith ag súil le ranníocaíocht áirithe a íoc i gcomhair na gcostas a thabhaíonn Seirbhís Chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar obair chaomhantais, dheisiúcháin agus phróiseála a bheidh déanta ag an tSeirbhís Chartlainne.

1.6 Is ceart don Taisceoir a bheith ar an eolas gur leis an tSeirbhís Chartlainne na hÁiseanna Aimsithe atá táirgthe ag an tSeirbhís Chartlainne i ndáil leis an mbailiúchán agus gur leis an tSeirbhís Chartlainne an cóipcheart iontu.

1.7 Féadfaidh an Taisceoir ítimí ar díol spéise ar leith iad nó ar de chineál príobháideach iad a tharraingt siar nuair a fhaightear liosta doiciméad nó féadfaidh an taisceoir tréimhse coiscthe a leagan síos maidir le doiciméid de chineál phearsanta.

1.8 Ní mór an cóipcheart i leith an bhailiúcháin a chinneadh agus féadfar an cóipcheart a aistriú chuig an tSeirbhís Chartlainne más mian leis an Taisceoir, é sin a dhéanamh.

**2. Buanchoimeád agus Caomhnú**

2.1 Coinneoidh an Chartlann gach bailiúchán faoi na dálaí céanna slándála atá ann do thaifid oifigiúla na Seirbhíse Cartlainne.

2.2 Cinnteoidh an Chartlann go stórálfar an bailiúchán faoi na dálaí céanna timpeallachta atá ann do thaifid oifigiúla na Cartlainne trína bhféachtar le BS 5454 agus Caighdeáin maidir le Forbairt Cartlainne in Éirinn a chomhlíonadh

2.3 Maidir le doiciméid a dteastaíonn deisiú nó ceangal ina leith, déileálfar leo de réir an Liosta Caomhantais arna tharraingt suas ag an gCartlannaí, ach sin faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

2.4 Déanfaidh an Cartlannaí gach bailiúchán a liostú nó a eagrú agus soláthrófar cóip den liosta don Deontóir nó don Taisceoir. Déanfar cóipeanna a chur ar fáil freisin do dhaoine aonair agus d'institiúidí a bhféadfadh spéis a bheith acu sa bhailiúchán. Ós rud é gur sealúchais de chuid na Cartlainne iad cuid mhór bailiúchán, idir phoiblí agus phríobháideach, d'fhéadfadh sé go dtógfaidh sé roinnt ama sular féidir fardal bailiúchán mór a ullmhú.

2.5 Más rud é, tar éis scrúdú a dhéanamh orthu, go meastar nach díol spéise don Chartlann aon doiciméid áirithe, déanfar iad a thabhairt ar ais don úinéir, déanfar iad a aistriú, le ceadú ón Deontóir nó ón Taisceoir, chuig ionad taiscthe níos oiriúnaí nó scriosfar iad tar éis toiliú i scríbhinn a fháil ón Deontóir nó ón Taisceoir

2.6 Forchoimeádann an tSeirbhís Chartlainne an ceart chun cóipeanna a dhéanamh de dhoiciméid thaiscthe agus chun na cóipeanna sin a sholáthar do léitheoirí chun na doiciméid bhunaidh a chosaint. Ní dhéanfar na cóipeanna ach amháin i gcás nach ndéanann an modh cóipeála aon athrú ar chaomhnú an doiciméid agus i gcás ina n-aontaíonn an Deontóir nó an Taisceoir leis sin. Is leis an tSeirbhís Chartlainne na cóipeanna sin.

**3. Rochtain**

3.1. Déantar doiciméid a tháirgeadh ar mhaithe le staidéar i Limistéar Leitheoireachta amháin de réir mar a bheidh sainnithe ag Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

3.2. Ceadaítear rochtain do léitheoirí a bhfuil na Rialacha agus na Treoirlínte maidir le láimhseáil taifead léite acu agus a bhfuil Foirm Iarrata is ar Ábhar Cartlainne comhlánaithe acu ar foirm í ina n-áirítear gealltanas maidir leis na rialacha sin a chomhlíonadh.
3.3 Ní féidir aon rochtain ar bhailiúcháin a sholáthar go dtí go ndéanfar na bailiúcháin a liostú. Féadfaidh an Deontóir nó an Taisceoir, nó duine atá ainmnithe acu, rochtain a fháil ar a gcuid bailiúchán roimh liostú.
3.4. Ar mhaithe le slándáil agus le rochtain, marcálfaidh an Cartlannaí i bpeann luaidhe na doiciméid sin ag a bhfuil cód bailiúcháin nó cód ítime.
3.5. Beidh rochtain ag úsáideoirí ar bhailiúchán tar éis liosta a ullmhú ina leith, ach sin faoi réir aon srianta a bhaineann le príobháideachas nó caomhnú. Ní féidir na taifid a fhoilsiú ach amháin le comhaontú úinéir an chóipchirt.
3.6. Féadfaidh an Deontóir nó an Taisceoir, i gcomhairle leis an gCartlannaí, rochtain ar thaifid áirithe a thoirmeasc ar feadh tréimhse ama.

**4. Atáirgeadh agus Cur ar Taispeáint**
4.1 Beidh sé de rogha ag an gCartlann cóipeanna de thaifid a sholáthar d'úsáideoirí i gcomhair staidéir phríobháidigh amháin agus i gcomhréir leis an dlí reatha maidir le cóipcheart, mura rud é go bhfuil sé sin toirmiscthe ag an Deontóir nó ag an Taisceoir.
4.2 Beidh sé de rogha ag an gCartlannaí a údarú go ndéanfar taifid a thabhairt chun bealaigh go sealadach ón gCartlann go ceann tréimhse uasta bliana i gcomhair taispeántais nó oibre caomhantais nó ar chúiseanna bailí eile.
4.3 Féadfaidh an Chartlann taifid nó cóipeanna díobh a scaoileadh chuig institiúidí cuí eile ach ní dhéanfar amhlaidh ach amháin i gcás inar deimhin leis an gCartlann go dtabharfar aire chuí dhaingean do na taifid sin agus/nó go bhfuil socrú déanta maidir le hárachas cuí nó slánaíocht chuí in aghaidh chaillteanais nó damáiste.


| **Seol an fhoirm ar ais chuig:** | Return to: | Tel. (091) 562471 |
|---|---|---|
| **Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe,** | Galway County Council Archives | Fax (091) 565039 |
| **Leabharlanna Chontae na Gaillimhe,** | Galway County Libraries | archivist@galwaycoco.ie |
| **Teach an Oileáin,** | Island House | www.gaillimh.ie |
| **Cearnóg na hArdeaglaise,** | Cathedral Square | www.galway.ie |
| **Gaillimh** | Galway | |